The Ark

Straitéis 2017 – 2020

AG CRUTHÚ DEISEANNA DO
LEANAÍ SULT AGUS TAIRBHE
A BHAINT AS NA HEALAÍONA

Réamhrá

SA DOICIMÉAD SEO LEAGTAR amach cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta do na blianta 2017-2020 ionas go mbeidh ar chumas ár lucht féachana, comhpháirtithe agus tacadóirí bheith inár gcuideachta sa chéad chéim eile d'aistear na hÁirce. D'eascair an Áirc as creideamh láidir i gceart an linbh ar na healaíona agus ar an gcultúr mar shaoránaigh ar comhchéim. Bhí an fhís radacach sin bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil ag gach leanbh an ceart a bheith rannpháirteach sa saol ealaíonta agus cultúrtha, díreach mar atá ceart súgartha acu. Is é ár ról deiseanna a chruthú do leanaí trínar féidir leo taitneamh a bhaint as na healaíona mar chuid bhunúsach dá n-óige, is cuma cén cúlra nó inscne dóibh, agus is é ár luach saothair spléachadh a fháil ar chumas gan teorainn an linbh chun leas a bhaint as an tsamhlaíocht, réitigh nua a cheapadh agus a bheith spraíúil.

Is iomaí rud atá tagtha chun cinn in Éirinn do leanaí, do na healaíona agus dár sochaí, ó bunaíodh an Áirc i 1995. Ó shin, tá fáilte feartha againn roimh mhórchuid saoránach nua agus d'ainneoin an méadú ar imirce, d'fhás líon na ndaoine óga an oiread sin gur thuar an Roinn Oideachais agus Scileanna le deireanas buaicphointe de 574,000 leanbh in aois bhunscoile faoin mbliain 2018, an líon is airde ó bunaíodh an stát. De bharr taighde ar a thábhachtaí atá blianta na luath-óige tá athrú tagtha ar bhéim an chórais oideachais agus an churaclaim agus an chleachtais ealaíonta do leanaí óga. Is léir sin sa chleachtas bunscoile trína gcuirtear béim níos mó ar na healaíona i ngach cuid den churaclam.

Le linn na n-athruithe sin, lean an Áirc d'ealaín den scoth a dhéanamh agus a chomhroinnt le leanaí ar an mbonn gur féidir leis na healaíona an tuiscint agus an taithí atá againn ar an domhan a athrú ó bhun. Is deis é aonú breithlá is fiche na hÁirce chun féachaint an athuair ar ár bprionsabail bhunaidh, ár bhfís agus misean a athdhearbhú agus smaoineamh ar conas is fearr is féidir iad a bhaint amach sna ceithre bliana atá romhainn. Is toradh é an ráiteas straitéise seo ar an machnamh sin a rinne Bord na hÁirce. Bunaíodh é ar chomhairliúchán lenár bpríomh-gheallsealbhóirí seachtracha: ár bpríomh-mhaoinitheoirí, ár gcomhaltaí, ár múinteoirí agus úsáideoirí rialta na seirbhíse agus ar phróisis inmheánacha leis an mbord, le Comhairle Leanaí na hÁirce agus leis an bhfoireann.

Bhreithníomar agus d'fhéachamar lenár dtosaíochtaí straitéiseacha a ailíniú le tosaíochtaí straitéise na Comhairle Ealaíon in *Making Great Art Work* agus chuireamar ár gcion le *Culture 2025*. Chuireamar fáilte roimh fhoilsiú *Arts and Cultural Participation among Children and Young People: Insights from the Growing Up in Ireland Study* a bheidh mar bhunús lenár gcuid oibre. Sa tslí chéanna, glacaimid le creat ceartbhunaithe *na Straitéise Náisiúnta ar Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht 2015-2020 agus le haidhmeanna Phlean Ealaíon Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don chathair ar fad 2014-2018*. Tar éis an bhreithnithe agus na gcomhairliúchán seo, d'aithníomar ceithre réimse tosaíochta ar leith don Áirc sna chéad cheithre bliana eile: barr feabhais, rannpháirtíocht, inbhuanaitheacht agus tacaíocht. Tá sprioc ar leith ag gabháil le gach réimse, agus sraith cuspóirí socruithe chun an sprioc sin a bhaint amach.

D'aithníomar ceithre réimse tosaíochta ar leith don Áirc sna chéad cheithre bliana eile: barr feabhais, annpháirtíocht, inbhuanaitheacht agus tacaíocht.

Go bunúsach, agus muid ag triail ar 2020, deimhneoimid gur lárionad barr feabhais é an Áirc do chleachtas ealaíon leanbhlárnach agus do sholáthar cruthaitheach, agus díreoimid ár gcuid iarrachtaí ar mhéadú a dhéanamh ar líon na ndaoine a n-oibrímid leo agus feabhsú a dhéanamh ar *an tslí* ina n-oibrímid leo. Le cois ár ngnáthlucht féachana a mhealladh, féachaimid le dul i mbun oibre agus aithne a chur ar na leanaí is gaire dúinn, sa phobal áitiúil, le linn blianta a luath-óige. Tacóimid agus oibreoimid le daoine eile chun cearta cultúrtha leanaí a chur chun cinn chomh maith le fóram a sholáthar le gur féidir guthanna leanaí a chloisteáil. Féachfaimid le bonneagar agus cumais a neartú chun gur féidir linn na spriocanna uaillmhianacha seo a chur i ngníomh.

Is iomaí éacht atá déanta ag an Áirc cheana féin. Leis an spiorad seo agus le fócas agus intinn shoiléir na straitéise seo, táim ag tnúth leis an eagraíocht a threorú isteach sa todhchaí agus le leanúint den obair i gcomhar le leanaí agus ar a son.

AIDEEN HOWARD
Stiúrthóir

An Áirc tar éis 21 bhliain

SEO 2016 AGUS TÁIMID AG CEILIÚRADH an t-aonú bhliain is fiche den Áirc a bheith ar an saol. Údar machnaimh is ea an breithlá suntasach seo. Is deis é seo le machnamh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach againn sna blianta sin agus ar na deiseanna agus na deacrachtaí don eagraíocht, do na healaíona agus do leanaí sna blianta amach romhainn. Is toradh é an straitéis seo ar an machnamh sin agus athnuaitear ann ár ngealltanas i leith na n-ealaíon agus na leanaí sa tréimhse 2017-2020.

Nuair a dhaingnigh rialtas na hÉireann Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh i 1982, b'ionann sin agus aitheantas a thabhairt do cheart an linbh "*a bheith rannpháirteach go hiomlán sa saol cultúrtha agus ealaíonta*" agus "*spreagadh a thabhairt le go gcuirfear deiseanna cuí cothroma ar fáil do ghníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíonta, caitheamh aimsire agus fóillíochta.*" B'iad sin na prionsabail a spreag bunú ionad cultúrtha na hÁirce do leanaí i 1995 agus trínar rialaíodh an eagraíocht, a léirigh fís fhadbhreathnaitheach na hÉireann maidir le forbairt agus infheistíocht a dhéanamh i leanaí trí fhoirgneamh ar leith a tógadh ar léas trí chomhaontú fadtéarmach maidir le húsáid chultúrtha le hIontaobhas Cultúrtha Bharra an Teampaill.

Tá na mílte ealaíontóirí fostaithe ag an Áirc chuige sin, agus fearadh fáilte roimh bhreis agus 500,000 leanbh mar aon lena scoileanna, a gcairde agus a dteaghlaigh isteach ina bfhoirgneamh sainchomhartha i mBarra an Teampaill, Baile Átha Cliath.

Ó shin, bhí leanaí riamh i gcroílár obair na hÁirce agus gealladh taibhithe, taispeántais agus ceardlanna ar ardchaighdeán a chur ar fáil dóibh. Tá na mílte ealaíontóirí fostaithe ag an Áirc chuige sin, agus fearadh fáilte roimh bhreis agus 500,000 leanbh mar aon lena scoileanna, a gcairde agus a dteaghlaigh isteach ina bfhoirgneamh sainchomhartha i mBarra an Teampaill, Baile Átha Cliath. Chuaigh sí amach faoin tír, leis, chun tionscadail a threorú i bpobail áitiúla, trína ndearnadh naisc le leanaí sa seomra ranga trí fhorbairt ghairmiúil sna healaíona a threorú do mhúinteoirí.

D'éirigh linn an méid seo a dhéanamh le cistiú a fuarthas ón gComhairle Ealaíon agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna a gheallann tacú go fadtéarmach le ceart cothrom leanaí ar chultúr agus a mhaoiníonn ár gcuid oibre dá réir. Táimid ag tnúth le leanúint den obair leis an dá eagraíocht chun an straitéis nua seo a chur i gcrích. Tá tacaíocht shuntasach faighte ag an Áirc, leis, i bhfoirm infheistíochtaí ó ghníomhaireachtaí daonchairdiúla. Leanfaimid ar aghaidh ag bailiú cistí ó fhoinsí mar sin, agus trí bhronntanais phríobháideacha agus chorparáideacha chun tacú lenár n-iarrachtaí rochtain a mhéadú do scoileanna sa phobal áitiúil agus níos faide i gcéin.

Tá sé níos riachtanaí anois ná riamh d'eagraíocht a fhaigheann airgead poiblí nó bronntanas príobháideach cloí leis na caighdeáin rialachais is airde agus a bheith trédhearcach agus cuntasach ó thús deireadh. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár mboird as a rialachas dúthrachtach agus a dháiríre atá siad, agus a bhí riamh, faoi oibleagáidí na hÁirce, mar charthanas agus mar chomhlacht corparáideach araon, a chomhlíonadh. I saolré na straitéise seo neartóimid tuilleadh na próisis agus cleachtais trína rialaítear agus trína mbainistítear gnó na hÁirce, le cinntiú go dtiocfaidh sí slán.

Is nóiméad oiriúnach é an breithlá seo le buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chabhraigh leis an Áirc barr feabhais a chur ar a cuid oibre sna 21 bhliain dheireanacha: ár n-ealaíontóirí, ár bhfoireann anois agus roimhe seo, comhaltaí reatha ár mboird agus na hiarchomhaltaí, scoileanna, múinteoirí agus an lucht féachana, a bhféadfadh a leanaí féin a bheith, um an dtaca seo, i measc na leanaí a fhreastalaíonn ar an Áirc. Tá i gceist againn tacú leis na healaíona do leanaí ar shlite féinmhuiníneacha agus samhlaíocha go ceann 21 bhliain eile.

CATHERINE BYRNE
Cathaoirleach

ÁR BHFÍS

Creidimid go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh taitneamh a bhaint as na healaíona i sochaí ina léirítear meas ar an gcruthaitheacht agus ar an gcultúr agus ina saibhríonn siad an saol dúinn.

ÁR MISEAN

Spreagadh a thabhairt do shamhlaíocht an linbh trí ealaín den scoth a dhéanamh agus a chomhroinnt ar son, i gcomhar le agus i dtaobh leanaí, chun aoibhneas a chruthú agus rannpháirtíocht chultúrtha a chur chun cinn a mhairfidh ar feadh a saoil.

ÁR DTOSAÍOCHTAÍ STRAIT-ÉISEACHA

Tá **ceithre cinn de thosaíochtaí straitéiseacha** aitheanta againn a threoróidh ár gcinnteoireacht agus ar a ndíreofar ár gcuid iarrachtaí. Tá na tosaíochtaí seo ar aon dul le prionsabail bhunaidh na hÁirce agus tacóidh siad le cur i ngníomh ár bhfíse agus ár misin. Is Déanfar an méid a bhainfear amach le linn thréimhse na straitéise seo a mheas agus a thomhas i gcomparáid leis na colúin seo.

Barr feabhais

SPRIOC

Eispéiris ealaíon den scoth a chruthú do leanaí

Bunaíodh An Áirc ar an bprionsabal go bhfuil na teidlíochtaí céanna cultúrtha ag leanaí agus atá ag daoine fásta. Tá teideal ag leanaí ar an ealaín agus ar an gcultúr is fearr. Is mian linn spreagadh agus acmhainní a chur ar fáil d'ealaíontóirí chun gur féidir leo ealaín den scoth agus ealaín thrialach a dhéanamh do leanaí trí choimisiúin, léirithe agus forbairt ghairmiúil a bhfuil tacú agus luach saothair ceart ag gabháil leo. Ba mhaith linn oibriú ar shlí níos dlúithe le múinteoirí chun an taithí a fhaigheann leanaí ar na healaíona san Áirc a bhreisiú.

Chun an sprioc seo a bhaint amach	***Conas a bheidh a fhios againn gur baineadh é sin amach***
1 **Leanaimid orainn ag coimisiúnú ealaíontóirí a oibríonn in Éirinn agus thar lear chun saothair nuálacha, uaillmhianacha agus lánbhríocha a chruthú do leanaí atá idir dhá bhliain agus dhá bhliain déag d'aois.**	*Beidh tacú agus fostaíocht curtha ar fáil againn do chohórt nua ealaíontóirí chun dul i mbun oibre le leanaí agus beidh cineálacha nua saothar déanta againn chomh maith le dul i mbun oibre arís le healaíontóirí seanbhunaithe de chuid na hÁirce.*
2 **Déanfaimid infheistíocht in ealaíontóirí (agus ina gcompántais) ag céimeanna éagsúla dá ngairmréanna chun a gcleachtas gairmiúil fadtéarmach do leanaí a fhorbairt agus a bhreisiú.**	*Beidh clár forbartha gairmiúla curtha ar fáil againn dóibh siúd ar mian leo dul i mbun oibre le leanaí nó ar a son mar chuid dá gcleachtas ealaíon.*
3 **Cuirfimid rogha na n-ealaíon Éireannach agus idirnáisiúnta i láthair leanaí ó cheann ceann na bliana.**	*Beidh méadú déanta againn ar ár gcumas agus ar ár gcáil (go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta) chun saothair den scoth a chur ar fáil agus a chur i láthair leanaí.*
4 **Déanfaimid infheistíocht i múinteoirí trínár gclár forbartha gairmiúla leanúnaí a leathnú, i nGaeilge agus i mBéarla, chun cur lena gcuid foghlama sna taibhealaíona agus sna hamharcealaíona agus chun breisiú a dhéanamh ar a gcumas chun na healaíona a threorú ina scoileanna féin.**	*Beidh méadú déanta againn ar líon na gcúrsaí samhraidh agus na ndeiseanna d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí trí chlár tiomnaithe foghlama i raon leathan ábhar a chur ar fáil, san Áirc agus lasmuigh de, i gcomhpháirtíocht leis na hIonaid Oideachais agus eile.*

Teagmháil

SPRIOC

A chinntiú go bhfaigheann tuilleadh leanaí taithí ar na healaíona tríd an Áirc

Ós rud é go mbreisítear an fhoghlaim, an fhorbairt, an fholláine, an muintearas agus an fhéinmhuinín tríd a bheith rannpháirteach sna healaíona, ba mhaith linn tuilleadh deiseanna a chruthú do leanaí, agus dóibh siúd a thacaíonn leo ar scoil agus ag an mbaile, chun na healaíona a dhéanamh agus a chomhroinnt. Ba mhaith linn ár dteagmháil leo siúd a bhaineann leas faoi láthair as an Áirc a dhoimhniú agus an grúpa sin a leathnú trí dhíriú ar an éagothroime agus na bacainní a choisceann rannpháirtíocht i measc daoine eile.

Chun an sprioc seo a bhaint amach	***Conas a bheidh a fhios againn gur baineadh é sin amach***
1 **Éistfimid le tuairimí leanaí ar ár gcuid oibre agus úsáidfimid cinnteoireacht rannpháirteach leanaí san Áirc maidir le riachtanais chultúrtha leanaí agus ár gclár ealaíon.**	Beidh Comhairle Leanaí na hÁirce bunaithe againn a mbeidh a baill rannpháirteach i gcláir na hÁirce agus a mbeidh tionchar acu ar ár gcinnteoireacht. Beidh cleachtas príomhshrutha déanta againn d'aiseolas gníomhaíoch ó leanaí a thaifeadadh.
2 **Cuirfimid le doimhne agus leithne ár dteagmhála réamhscoile agus scoile le haird ar leith ar mhúinteoirí.**	Beidh grúpa comhairleach múinteoirí bunaithe againn, bunaithe ar idirphlé le múinteoirí agus príomhoidí ó scoileanna éagsúla. Beidh méadú déanta ar thinreamh agus ar theagmháil grúpaí scoile agus réamhscoile i mBaile Átha Cliath agus níos faide i gcéin nuair a bhímid ar camchuairt.
3 **Oibreoimid le chéile chun taithí níos cuimsithí a chur ar fáil do leanaí atá faoi mhíchumas agus lorgóimid na leanaí sin go gníomhach.**	Beidh clár teagmhála fadtéarmaí le scoileanna lár na cathrach tugtha isteach againn agus beidh méadú ar an tinreamh ó na scoileanna sin.
4 **Rachaimid i dteagmháil le grúpaí, eagraíochtaí agus comhpháirtíochtaí chun rochtain chothrom do leanaí imeallaithe a chur chun cinn agus a éascú.**	Beidh méadú déanta againn ar ár gcumas imeachtaí cuimsitheacha a reáchtáil agus freastal orthu, i bhfoirgneamh na hÁirce agus in áiteanna eile.
5 **Rachaimid i dteagmháil le grúpaí, eagraíochtaí agus comhpháirtíochtaí chun rochtain chothrom do leanaí imeallaithe a chur chun cinn agus a éascú.**	Beidh teagmháil rialta curtha ar bhonn foirmiúil againn le grúpaí pobail mar chuid dhílis de chleachtas na hÁirce.
6 **Ós rud é go mbraitheann leanaí ar dhaoine fásta chun leas a bhaint as ár gcuid oibre, cothóimid dea-chaidreamh le múinteoirí, tuismitheoirí, caomhnóirí, teaghlaigh agus cairde.**	Beidh clár comhlántach ceaptha agus curtha ar fáil againn do dhaoine fásta i réimsí na leanaí, na n-ealaíon agus an chultúir.

Inbhuanaitheacht

SPRIOC

An bonneagar agus na cumais a chinnteoidh todhchaí na heagraíochta feasta a thógáil

Ba mhaith linn na cleachtais bhainistíochta agus rialachais is fearr a chur i bhfeidhm le go mbeidh rath ar an Áirc mar eagraíocht chultúrtha do leanaí go ceann i bhfad. Ba mhaith linn ár staid airgeadais a neartú chun gur féidir linn an obair is fearr a chur ar fáil do bhreis leanaí, teagmháil níos forleithne a dhéanamh, na daoine is fearr a fhostú agus a choimeád agus todhchaí bheoga inbhuanaithe a chinntiú don Áirc.

Chun an sprioc seo a bhaint amach	***Conas a bheidh a fhios againn gur baineadh é sin amach***
1 **Oibreoimid go réamhghníomhach chun ár sruthanna ioncaim a éagsúlú chun bonn ioncaim níos leithne a sholáthar dúinn agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a bhunú a bhreiseoidh agus a mhéadóidh ár dtorthaí agus ár dtionchar.**	Beidh méadú déanta againn ar an tacaíocht a fhaighimid ó ghnóthais agus ó dhaoine aonair agus beidh gaol nua cistiúcháin bunaithe againn le comhpháirtithe san Eoraip.
2 **Déanfaimid athbhreithniú agus neartú ar ár struchtúir rialachais chorparáidigh agus lorgóimid eiseamláirí de dhea-chleachtas sa réimse seo agus tabharfar aird ar ár n-oibleagáidí.**	Beidh iniúchadh déanta againn ar ár rialachas corparáideach agus beidh oiliúint curtha ar fáil againn do chomhaltaí uile an bhoird agus don fhoireann shinsearach i dtaca le freagracht rialachais chorparáidigh. Beidh athnuachan déanta againn ar bhallraíocht an bhoird ionas go mbeidh sé éagsúil agus go léireodh sé lucht féachana agus geallsealbhóirí na hÁirce.
3 **Bainisteoimid agus tuairisceoimid ár staid airgeadais go stuama agus díreofar ar riachtanais tuairiscithe agus comhlíonta ár maoinitheoirí sa Chomhairle Ealaíon agus sa Roinn Oideachais agus Scileanna.**	Cuirfear ár dtuairisciú airgeadais agus tuairisciú agus cumarsáid eile lenár maoinitheoirí ar fáil go héifeachtach agus go trédhearcach.
4 **Athbhreithneoimid ár mbeartais inmheánacha agus ár gcórais acmhainní daonna chun áit chuimsitheach oibre d'ealaíontóirí agus don fhoireann a dhéanamh den Áirc, beag beann ar chúlra nó inscne.**	Beidh plean bliantúil oibríochtúil curtha i bhfeidhm againn a gheallann oiliúint a chur ar fáil i réimsí ar leith dár ngnó agus beidh cód agus cleachtas comhionannais forbartha againn don fhoireann agus do na healaíontóirí.
5 **Tabharfaimid aire dár bhfoirgneamh, agus díreofar ar chleachtais, cóid agus caighdeáin atá ag teacht chun cinn sa tionscal sláinte agus sábháilteachta, le sábháilteacht agus folláine lucht féachana, ealaíontóirí agus foirne a chinntiú.**	Beidh iniúchadh rochtana déanta againn mar aon le hiniúchadh sláinte agus sábháilteachta ar an bhfoirgneamh agus infheistíocht déanta againn i gclár um breisiú caipitil chun inrochtaineacht a mhéadú agus chun feidhm, sábháilteacht agus compord an fhoirgnimh a chothabháil.

Tacaíocht

SPRIOC

Ceart an linbh ar na healaíona agus ar an gcultúr a chur ar aghaidh

Ós rud é go gcreidimid go bhfuil ceart ag leanaí ar na healaíona agus ar an gcultúr mar chuid dá bhfoghlaim agus dá bhforbairt, is mian linn an ceart sin a chur ar aghaidh laistigh dár n-eagraíocht féin agus sa tsochaí i gcoitinne. Is mian linn ceart an linbh ar éisteacht a chur chun cinn trí mhodheolaíocht bhreithnithe a fhorbairt san Áirc agus a luach don tsochaí a chur ar aghaidh.

Chun an sprioc seo a bhaint amach	***Conas a bheidh a fhios againn gur baineadh é sin amach***
1 **Déanaimid ár gcion chun feasacht an phobail a mhéadú i leith cheart an uile linbh ar chultúr mar atá leagtha amach inár bprionsabail bhunaidh agus in Airteagal 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile den intinn chéanna sa tsochaí shibhialta.**	Aithneofar sinn mar chosantóir de cheart an linbh ar chultúr i measc ár gcomhghleacaithe féin i réimse ginearálta na leanaí, sna healaíona i gcoitinne agus i measc lucht féachana agus baill na hÁirce.
2 **Déanfaimid argóint ar son luach intreach na n-ealaíon i saol an linbh leis an rialtas agus le déantóir beartais eile.**	Beidh ár gcion féin déanta againn i dtaighde ar luach na n-ealaíon i saol an linbh le scaipeadh ar an rialtas, déantóirí beartais, oidí, maoinitheoirí.
3 **Cuirfimid guth an libh chun cinn laistigh agus lasmuigh den Áirc.**	Beidh fóram poiblí bliantúil do leanaí forbartha againn chun tacú go gníomhach le plé mar gheall ar áit na n-ealaíon agus an chultúir i saol an linbh agus beidh struchtúr eagraíochtúil agus líon foirne againn a thacaíonn le cinnteoireacht bunaithe ar riachtanais an linbh.

ÁR BPRIONSABAIL BHUNAIDH

TÁ FÍS, MISEAN agus **LUACHANNA** na hÁirce bunaithe ar Airteagal 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh [1989] a dhaingnigh Éire i 1992.

AIRTEAGAL 31

1 'Aithníonn Stát-Pháirtithe ceart an linbh scíth agus fóillíocht a bheith aige nó aici, a bheith páirteach in imeachtaí súgartha agus caitheamh aimsire atá oiriúnach dá n-aois agus a bheith rannpháirteach sa saol cultúrtha agus sna healaíona.'

2 'Tabharfaidh Stát-Pháirtithe urraim do, agus cuirfidh siad chun cinn ceart an linbh a bheith iomlán rannpháirteach sa saol cultúrtha agus ealaíon agus spreagfaidh siad soláthar do dheiseanna cuí agus comhionanna do ghníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíon, caitheamh aimsire agus áineasa.'

ÁR BHFÍS

CREIDIMID GO BHFUIL SÉ DE CHEART AG GACH LEANBH TAITNEAMH A BHAINT AS NA HEALAÍONA I SOCHAÍ INA LÉIRÍTEAR MEAS AR AN GCRUTHAITHEACHT AGUS AR AN GCULTÚR AGUS INA SAIBHRÍONN SIAD AN SAOL DÚINN.

ÁR MISEAN

SPREAGADH A THABHAIRT DO SHAMHLAÍOCHT AN LINBH TRÍ EALAÍN DEN SCOTH A DHÉANAMH AGUS A CHOMHROINNT AR SON, I GCOMHAR LE AGUS I DTAOBH LEANAÍ, CHUN AOIBHNEAS A CHRUTHÚ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT CHULTÚRTHA A CHUR CHUN CINN A MHAIRFIDH AR FEADH A SAOIL.

ÁR LUACHANNA

Is ionann ár luachanna agus na rudaí a seasaimid leo. Treoraíonn siad dearcthaí, iompar agus cinnteoireacht na foirne agus muid ag cur leanaí i gceartlár an uile rud a dhéanaimid. Is féidir le leanaí, ealaíontóirí agus an fhoireann iad a chomhroinnt agus a chur in iúl.

ÁR NDÍCHEALL A DHÉANAMH

Féachaimid lenár ndícheall a dhéanamh gach lá. Trí dhearcadh agus tiomantas dearfach i leith barr feabhais, spreagaimid an uile dhuine a bhíonn rannpháirteach linn chun a ndícheall a dhéanamh, leis.

A BHEITH CAIRDIÚIL AGUS FÁILTEACH

Tá fáilte roimh chách isteach san Áirc agus is breá linn an méid a dhéanaimid agus an tslí a dhéanaimid é a chomhroinnt. Caithimid leis an uile dhuine mar ba mhaith linn go gcaithfí linne – le meas agus tuiscint.

SPRAOI A BHEITH AGAINN

Bainimid taitneamh as ár gcuid oibre agus táimid dáiríre fúithi, leis! Is breá linn deiseanna spraíúla a chruthú do leanaí, com-hoibritheoirí agus comhghleacaithe.

A BHEITH CRÓGA

Bímid sásta i gcónaí triail a bhaint as smaointe nua agus a bheith nuálach agus cróga sa tslí ina ndéanaimid ealaín. Seasaimid le leanaí agus labhraímid ar a son ach ag an am céanna misnímid iad chun iad féin a chur in iúl.

A BHEITH AG FOGHLAIM I GCÓNAÍ

Táimid fiosrach agus bímid i gcónaí sásta athrú a dhéanamh. Cruthaímid deiseanna chun foghlaim ar ár son féin agus óna chéile. Léirímid meas ar an méid a fhoghlaimímid ó thaithí – agus ó bhotúin. Comhroinnimid le daoine eile an méid a fhoghlaimímid.

ÁR DTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

Tá ceithre cinn de thosaíochtaí straitéiseacha aitheanta againn a threoróidh ár gcinnteoireacht agus ar a ndíreofar ár gcuid iarrachtaí. Tá na tosaíochtaí seo ar aon dul le prionsabail bhunaidh na hÁirce agus tacóidh siad le cur i ngníomh ár bhfíse agus ár misin. Is Déanfar an méid a bhainfear amach le linn thréimhse na straitéise seo a mheas agus a thomhas i gcomparáid leis na colúin seo.

BARR FEABHAIS

Eispéiris ealaíon den scoth a chruthú le leanaí, ar son leanaí agus a chur á gcruthú ag na leanaí féin

TEAGMHÁIL

A chinntiú go bhfaigheann tuilleadh leanaí taithí ar na healaíona tríd an Áirc

INBHUANAITHEACHT

An bonneagar agus na cumais a chinnteoidh todhchaí na hÁirce mar lárionad cultúrtha agus acmhainn do leanaí a thógáil

TACAÍOCHT

Ceart leanaí ar na healaíona agus ar an gcultúr a chur ar aghaidh

Maidir leis an Áirc

Is lárionad tiomnaithe cultúrtha do leanaí é an Áirc, a bunaíodh i 1995. Cruthaímid deiseanna do leanaí, agus dá dteaghlaigh, cairde nó scoileanna chun taitneamh a bhaint as na healaíona. Déanaimid obair ó leanaí, ar son leanaí agus mar gheall ar leanaí a choimisiúnú, a léiriú agus a chur i láthair. Leanaí idir dhá bhliain agus dhá bhliain déag d'aois atá i gceist againn. Déanaimid an obair seo inár lárionad i mBarra an Teampaill, ionad a bhfuil duaiseanna ailtireachta buaite aige, agus atá againn go fadtéarmach trí chomhaontú maidir le húsáid chultúrtha le hIontaobhas Cultúrtha Bharra an Teampaill. Oibrímid taobh amuigh den lárionad freisin agus téimid ar camchuairt in Éirinn agus thar lear. Tríd an obair a dhéanaimid le príomhealaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta is féidir le leanaí taitneamh a bhaint as taibhithe inár n-amharclann uathúil atá oiriúnach do leanaí, féachaint ar thaispeántais tharraingteacha nó a bheith rannpháirteach i gceardlanna cruthaitheacha. Déanaimid coimeád, leis, ar dheiseanna ar leith d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí agus ealaíontóirí.

Oibrímid i gcomhpháirtíocht le daoine eile mar chomhoibritheoirí ealaíonta agus comhroinnimid ár n-acmhainní agus ár n-eolas go rialta le healaíontóirí, oidí agus leo siúd ar spéis leo cleachtas ealaíon leanbhlárnach. Oibrímid, leis, le heagraíochtaí eile a bhfuil na cuspóirí céanna acu chun tacú le cearta an linbh ar na healaíona agus ar an gcultúr mar chuid dá gcuid foghlama agus forbartha.

Bord deonach d'ochtar (an Cathaoirleach san áireamh) a cheaptar ar feadh téarma trí bliana agus a fhéadfaidh seirbhís de suas le naoi mbliana a thabhairt, is ea a rialaíonn An Áirc. Oibríonn foireann ealaíonta agus riaracháin na hÁirce, faoi cheannas an Stiúrthóra, go díograiseach. Is é an Stiúrthóir atá i gceannas ar chláir na heagraíochta agus ar an mbainistíocht chorparáideach. Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta is ea An Áirc, níl aon scairchaipiteal aige agus is carthanas cláraithe é, leis.

An Áirc,
11a Sráid Eustace,
Barra an Teampaill,
Baile Átha Cliath 2

Gheofar tuilleadh eolais ag **ark.ie**
01 670 7788

Lean sinn
@TheArkDublin

arts council an chomhairle ealaíon funding the arts artscouncil.ie

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

Temple Bar Cultural Trust

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Company Number: 222774
CHY: 11334
RCN: 20030827